2023/2170

16.10.2023

CINNEADH (AE) 2023/2170 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2023

lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172), agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 83(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Samhain 2022, chuir Coiste Airí Chomhairle na hEorpa Coiste Saineolaithe um chosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil ar bun agus thug sé sainordú don Choiste Saineolaithe sin Coinbhinsiún nua a dhréachtú a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172) agus a chuirfear ina ionad ('an Coinbhinsiún nua') faoin 30 Meitheamh 2024.

(2) Tá sé beartaithe go ndéanfar foráil leis an gCoinbhinsiún nua do rialacha comhchoiteanna ar chuspóir agus raon feidhme, téarmaíocht agus sainmhínithe, cionta tromchúiseacha coiriúla, daoine dlítheanacha agus pionóis, cearta nós imeachta agus comhar, bearta coisctheacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Tagann codanna áirithe den Choinbhinsiún nua faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le dlí an Aontais, go háirithe Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus an togra le haghaidh Treoir nua lena gcuirfí ina hionad. Mar thoradh air sin, leis an gCoinbhinsiún nua, d'fhéadfaí go ndéanfaí difear do dhlí an Aontais nó go n-athrófaí é ó thaobh a raon feidhme de, de réir bhrí Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(3) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun comhsheasmhacht a áirithiú idir rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais, is gá don Choimisiún páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an gCoinbhinsiún nua, i gcás na n-ábhar a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainmhínítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith nó a bhfuiltear ag súil lena nglacadh amach anseo.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do dheighilt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit mar a shainmhínítear sna Conarthaí, do rannpháirtíocht na mBallstát sa chaibidlíocht i gcás na n-ábhar nach n-áirítear sa sainordú a tugadh don Choimisiún, agus d'aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin chun an Coinbhinsiún nua a thabhairt i gcrích.

(5) Dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an Choimisiúin agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu más iomchuí ag brath ar dhul chun cinn na caibidlíochta.

(6) I bhfianaise na mBallstát uile a bheith ina gComhaltaí de Chomhairle na hEorpa freisin, ba cheart do na Ballstáit atá rannpháirteach sa chaibidlíocht tacaíocht a thabhairt d'idirbheartaí an Aontais agus na cúraimí a eascraíonn as na Conarthaí á gcur i gcrích acu, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu.

(7) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis chaibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmháil rialta le saineolaithe na mBallstát agus lena n-ionadaithe in Strasbourg.

([1]) Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Choimisiún páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, i gcaibidlíocht maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainmhínítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith nó a bhfuiltear ag súil lena nglacadh amach anseo, i ndáil leis an gCoinbhinsiúin nua maidir le cosaint an chomhshaoil trí bhíthin an dlí choiriúil a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil agus a chuirfear in ionad Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1998 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (ETS Uimh. 172).

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh an Chomhairle treoracha breise a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla ('Meitheal COPEN'), a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta do Mheitheal COPEN maidir le dul chun cinn na caibidlíochta agus cuirfidh sé gach doiciméad caibidlíochta ar aghaidh chuig an gcoiste sin a luaithe is féidir.

Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
F. GRANDE-MARLASKA GÓMEZ